Scríobh do Scrúduimhir anseo | | 2007. M.47T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2007

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B**
Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1.**
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi **cheist amháin** ar ábhar roghnach agus faoi **chuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh a scrúdaithe, ní ceadaithe dóibh ach tabhairt faoi Cheist 2 amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag gabháil le hábhair roghnacha **1** agus **3.**
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Ainmnigh **trí** fhoinse próitéine faoi **gach** ceann de na teidil seo a leanas: (6)

| Próitéin ina bhfuil Luach Bitheolaíoch Ard | Próitéin ina bhfuil Luach Bitheolaíoch Íseal |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**2.** **(a)** Liostaigh na **trí** dhúil a fhaightear i gcarbaihiodráití. (6)

(i) ___________________________________

(ii) ___________________________________

(iii) ___________________________________

**(b)** Maidir le díleá carbaihiodráití, cuir in iúl le tic **( ✓)** cé acu atá **gach** ceann faoi seach de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| Díleá Carbaihiodráití | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Déantar maltós de stáirse sa bhéal | | |
| Tarlaíonn díleá carbaihiodráite sa bholg | | |
| Tá siúcrós i sú na stéige | | |

**3.** **(a)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag an iarann sa chorp. (6)

___________________________________________________________________________

**(b)** Liostaigh **dhá** fhoinse mhaithe iarainn sa réim bia.

(i) _______________________________ (ii) _______________________________

**4.** Luaigh **<u>dhá</u>** riachtanas shainiúla de chuid réim bia lachtveigeatóra. (6)

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**5.** Maidir le grán cruithneachta, mínigh **<u>dhá</u>** cheann díobh seo a leanas: (6)

(i) ***Inspeirm*** ______________________________

______________________________

(ii) ***Geirm*** ______________________________

______________________________

(iii) ***Bran*** ______________________________

______________________________

**6.** **(a)** Ainmnigh riocht **<u>amháin</u>** a bhfuil baint aici le réim bia agus a bhíonn ar sheandaoine go minic. (6)

______________________________

**(b)** Luaigh cúis **<u>amháin</u>** leis an riocht seo.

______________________________

**7.** Ainmnigh **modh difriúil** úrchaomhnaithe atá oiriúnach do **<u>gach</u>** ceann faoi seach de na glasraí seo a leanas: (6)

| ***Glasra*** | ***Modh úrchaomhnaithe*** |
|---|---|
| Cairéid | |
| Trátaí Iomlána | |
| Oinniúin | |

**8.** Tabhair moladh **amháin** faoi **gach** ceann faoi seach de na ceannteidil seo a leanas maidir le hullmhú sábháilte bia. (6)

(i) ***Sláinteachas Pearsanta*** ____________________

____________________

(ii) ***Sláinteachas Cistine*** ____________________

____________________

(iii) ***Sláinteachas Bia*** ____________________

____________________

**9.** **(a)** Ainmnigh eagraíocht reachtúil **amháin** agus eagraíocht dheonach **amháin** a oibríonn ar mhaithe le cosaint an tomhaltóra. (6)

| | |
|---|---|
| **Eagraíocht reachtúil** | |
| **Eagraíocht dheonach** | |

**(b)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas:

Is conradh idir an____________________agus an____________________í ráthaíocht.

**10.** Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas: (6)

(i) ***Ioncam comhlán*** ____________________

____________________

____________________

(ii) ***Ioncam glan*** ____________________

____________________

____________________

**11.** Mínigh **gach** ceann de na hairíonna fabraice seo a leanas: (6)

(i) ***Súiteach*** ______________________________

______________________________

(ii) ***Buandathach*** ______________________________

______________________________

(iii) ***Inlasta*** ______________________________

______________________________

**12.** Maidir le buiséadú mínigh agus tabhair sampla de **gach ceann** díobh seo a leanas: (6)

***Caiteachas riachtanach*** ______________________________

______________________________

***Sampla*** ______________________________

***Caiteachas roghnach*** ______________________________


______________________________

***Sampla*** ______________________________

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. Tugann an chairt thíos eolas ar nósanna itheacháin fear agus ban in Éirinn.**




(*Foinse: Suirbhéanna um Shláinte Náisiúnta agus Stíl Mhaireachtála. – 1999*).

**(a)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas a thugtar sa chairt
(i) sainaithin **trí** dhifríocht idir nósanna itheacháin na bhfear agus na mban
(ii) abair, agus tabhair cúiseanna le do fhreagra, cé acu ag fir nó ag mná a bhíonn an réim bia is sláintiúla. (24)

**(b)** Moltar go roghnódh tomhaltóirí trí chuid gach lá ó ghrúpa bia an bhainne, na cáise agus an iógairt. Luaigh **dhá** chúis leis an moladh seo. (10)

**(c)** Tabhair cuntas ar an bpróitéin faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
(i) comhdhéanamh
(ii) feidhmeanna sa chorp
(iii) airíonna. (26)

**(d)** Déan cur síos ar **cheithre** shlí inar féidir leis an tomhaltóir páirt a ghlacadh i mbainistiú dramhaíola nuair a bhíonn earraí bia á roghnú agus á gceannach. (20)

**2. 'Deirtear go mbeidh 6.4 milliún leanbh murtallach (róramhar) san AE faoin mbliain 2010 má leanann na treochtaí mar atá, de réir mar a léiríonn taighde nua ón Chumann Idirnáisiúnta um Staidéar na Murtallachta.'**

*(Easy Food, Aibreán/Bealtaine 2006).*

**(a)** Déan trácht ar an ráiteas thuas agus luaigh **trí** ní is cúis le murtallacht i leanaí. (12)

**(b)** Tabhair sonraí ar **dhá** bhaol sláinte atá bainteach leis an murtallacht i ndaoine óga. (8)

**(c)** Agus tú ag tabhairt airde ar threoirlínte sláintiúla itheacháin an lae inniu, déan clár bia (3 bhéile) **d'aon lá amháin** a phleanáil do theaghlach ina bhfuil leanaí óga. (18)

**(d)** Tabhair breac-cuntas ar **cheithre** thoisc a rialaíonn riachtanais fuinnimh an duine. (12)

**3. Tá méadú tagtha ar an réimse cócaireán micreathoinne de thoradh forbairtí teicneolaíochta.**

**(a)** Leag amach torthaí staidéir atá déanta agat ar chócaireáin mhicreathoinne.
Déan tagairt do:
- (i) na saghsanna éagsúla cócaireán micreathoinne a bhfuil fáil orthu
- (ii) na tosca is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn cócaireán micreathoinne á roghnú
- (iii) treoirlínte le haghaidh úsáide
- (iv) gnéithe nua-aimseartha. (38)

**(b)** Abair conas a chosnaíonn an tAcht um Dhíol Earraí agus um Sholáthar Seirbhísí (1980) leasa tomhaltóirí. (12)

**4. Tá méadú níos mó ag teacht ar réimse na n-earraí agus na seirbhísí a chuirtear i láthair an tomhaltóra. Dá thoradh sin, is deacair roghanna eolasacha a dhéanamh.**

**(a)** Pléigh conas a d'fhéadfadh aon **<u>cheithre</u>** cinn díobh seo a leanas tionchar a bheith acu ar an gcinneadh a dhéanfadh tomhaltóirí nuair a bhíonn siad ag roghnú earraí agus seirbhísí:

(i) fógraíocht
(ii) ioncam teaghlaigh
(iii) tairiscintí lacáiste
(iv) scéimeanna dílseachta do shiopadóirí
(v) scéimeanna so-íocaíochta. (32)

**(b)** Luaigh buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le ceann **<u>amháin</u>** díobh seo a leanas: (i) siopadóireacht postdíola **<u>nó</u>** (ii) siopadóireacht ar an idirlíon. (18)

**5. 'Baineann an ógántacht leis an tréimhse sin idir aois a 10 agus aois a 18 nuair a bhíonn athruithe ag teacht ar do thuairimíocht, do mhothúcháin agus do chorp.'**

('Ready, Steady, Grow' le Angela MacNamara)

**(a)** Sainaithin **<u>dhá</u>** thoisc, seachas an teaghlach, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar déagóra. (8)

**(b)** Pléigh: (i) **<u>trí</u>** ghné d'iompar ógánach a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar aighnis idir tuismitheoirí / daoine fásta eile agus déagóirí

(ii) **<u>trí</u>** shlí chun déileáil le cúrsaí aighnis. (30)

**(c)** Bíonn ról ag gach ball den teaghlach agus freagrachtaí áirithe ar gach duine díobh laistigh d'aonad an teaghlaigh.
Déan cur síos ar ról **<u>amháin</u>** de chuid déagóirí / ógánach agus ar **<u>dhá</u>** fhreagracht a bhíonn orthu. (12)

## Roinn C

**Ní mór ceist ar ábhar roghnach amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, ní ceadaithe dóibh ach tabhairt faoi Cheist 2 amháin a fhreagairt as an roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus ceann amháin de 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

**1. (a) Tá bungaló a bhfuil dhá sheomra codlata ann ceannaithe le déanaí i mbaile mór ag Marc agus ag Emma. Is é atá sa bhungaló ná cistin bheag, seomra folctha, seomra suite mór agus dhá sheomra codlata. Níl aon chóras teasa ann agus fíorbheagán inslithe.**

(i) Ainmnigh agus déan cur síos ar an gcóras teasa lárnaigh a mholfá don teach seo. Luaigh **dhá** chúis le do mholadh. (22)

(ii) Sainaithin an chuid den bhungaló ar cheart é a insliú.
Tabhair mionsonraí maidir le cineál an inslithe a d'fhéadfaí a úsáid. (12)

(iii) Tabhair breac-cuntas ar **cheithre** thoisc ba cheart do Mharc agus d'Emma a chur san áireamh agus iad ag roghnú troscáin le haghaidh an bhungaló. (16)

**agus**

**1. (b)** (i) Tabhair cuntas ar **thrí** thoisc éagsúla a mbíonn tionchar acu ar dhearadh inmheánach tí. (18)

(ii) Cuid thábhachtach den dearadh is ea an uigeacht.
Tabhair **dhá** shampla d'úsáid uigeachtaí míne agus **dhá** shampla d'úsáid uigeachtaí garbha i ndearadh inmheánach. (12)

**nó**

**1. (c)** (i) Mínigh tábhacht na dea-aerála. (12)

(ii) Ainmnigh modh nádúrtha **amháin** agus modh saorga **amháin** chun teach a aeráil.
Déan cur síos ar cheann **amháin** de na modhanna a d'ainmnigh tú. (18)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus ceann amháin de 2(b) <u>nó</u> 2(c) a fhreagairt.**

**2. (a) Tá tú ar tí tosú ag obair in oifig áitiúil mar a mbeidh tú ag déileáil leis an bpobal agus ina mbeifear ag súil go gcaithfidh tú éadaí cuí.**

(i) Sceitseáil agus déan cur síos ar an bhfeisteas éadaí is dóigh leat a bheadh oiriúnach. (10)

(ii) Abair conas a thógann dearadh an fheistis éadaí ceann díobh seo a leanas:
- compord
- tarraingt (cruth) aeistéitiúil
- treochtaí faisin an lae inniu. (9)

(iii) Mol fabraic **<u>amháin</u>** a bheadh oiriúnach don fheisteas éadaí seo agus luaigh cúiseanna le do rogha. (6)

**agus**

**2. (b) Cuirtear cóireálacha éagsúla ar fhabraicí nua-aimseartha le linn a monaraithe.**

(i) Mínigh cén fáth a n-úsáidtear bailchríocha fabraice nuair a bhítear ag monarú fabraicí. (9)

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaghas **<u>amháin</u>** bailchríoch fabraice. (6)

**nó**

**2. (c)** (i) Déan cur síos ar an ról a ghlacann gnólachtaí beaga i ndearadh / monarú éadaigh in Éirinn. (9)

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil laghdú mór tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe i dtionscal an éadaigh agus na teicstíle ó na nóchaidí anuas. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus ceann amháin de 3(b) <u>nó</u> 3(c)a fhreagairt.**

**3. (a) 'Tá athruithe móra tagtha ar chúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn le tamall de bhlianta anuas. Tá na hathruithe seo imithe i bhfeidhm ar shaol an teaghlaigh.'**

*(An Phríomhoifig Staidrimh 2005).*

(i) Pléigh tionchar na n-athruithe sóisialta agus eacnamaíochta ar shaol an teaghlaigh. Déan tagairt do **<u>gach aon cheann</u>** díobh seo a leanas:

- dearcadh daoine i leith an phósta ag athrú
- rólanna traidisiúnta laistigh den teaghlach
- deiseanna fostaíochta
- feabhsúcháin maidir le soláthar oideachais. (32)

(ii) Tabhair cuntas achomair ar **<u>thrí</u>** íocaíocht éagsúla a sholáthraíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh do theaghlaigh le leanaí. (18)

**agus**

**3. (b) 'Bhí an coibhneas daoine i mbaol bochtaineachta in Éirinn ar cheann de na coibhnis ab airde san AE sa bhliain 2004.'**

*(Ag Tomhas Dul Chun Cinn na hÉireann 2005 ón bPOS).*

(i) Sainaithin **<u>trí</u>** ghrúpa daoine arb iad is mó atá i mbaol na bochtaineachta in Éirinn inniu.
Mínigh cén fáth a bhfuil an bhochtaineacht ag cur isteach ar na grúpaí a luaitear. (22)

(ii) Abair cad é ról na h*Áisíneachta um Bhochtaineacht a Chloí.* (8)

**nó**

**3. (c) Glacann oibrithe deonacha ról an-mhór i bpobal an lae inniu.**

(i) Pléigh an chaoi a dtéann obair dheonach:

- chun leasa an duine aonair
- chun leasa an phobail. (20)

(ii) Mínigh an difríocht idir obair ar phá agus obair gan phá. (10)

LEATHANACH BÁN